

BAISTEADH FHINN AGUS AN CHAOI AR DEARNADH RÍ DHE.

Bhí an Fhéin ina dhá gcuid ar dtús Na Clanna Bóirne agus na Clanna Baoighill. Thosuigh siad fhéin ar a chéile ansoin ag iarraidh an mhaighistireacht a bheith ag ceann eicint acab, buaileadh na Clanna Baoighill agus marbhuigheadh iad. Bhí athair Fhionn Mac Cúil pósta ag ingean Rí dhe na Clanna Bóirne agus marbhuigheadh sa troid é ach dhe Chlanna Boigill ba sheadh athair Fhionn Mac Cúil. Bhí an ingean seo –sí sin máthair Fhionn-le haghaidh clainne agus chuir a h-athair fhéin suas i mbarr i tighe í le faitchos go bhfainfheadh duine a bith dhe na Clanna Baoghail beó. Bhí máthair Chúil beó séurd abhí innte sean bhean agus ní raibh suantas a bith dhá thabhairt di ach bhí sí a faire na cúirte ariamh gur airigh sí máthair Fhionn le h-aghaidh páisde. Bhí áirdeal ag máthair Fhionn freisin mar bhí fhios aici go mbeadh máthair Chúil a faireadh ar a bpáiste agus bhí sí lei an páiste a chur amach aici.

An oidhche ar rugadh Fionn fuagruigheadh amach ag an tsean bhean go raibh cúpla ann agus dubhairt sí duine acab a chur amach aici agus an duine eile a choinghbheál dho'n Rí. Caitheadh duine acab (Fionn) amach thríd a bhfuinneóg agus ghabh sí ina naprún é. Thug sí léithi ansoin go dtí abhainn é go dtí an áit a raibh easa 'san abhainn. Chaith sí amach ag uachtar na h-easa é agus chuaidh sí féin ag iochtar na h-easa, bhí easgan ina chaon láimh leis nuair a tháinig sé chomh fada léithe. "Tá súil am go ndeanfadh tú gaisgidheach" adeir sí. Thug sí léithi ansoin é go ndeacha sí isteach i gcoill. Nuair a chuaidh sí isteach sa gcoill bhí siuinéara istigh roimhe a gearadh amáid le bheith deanamh a chuid trosgáin dhó fhéin. "Bhoil tá súil am"adeir sí " Ó tharla go bhfuil an odharnais ad go ndeanfadh tú áit dhom fhéin agus dhon pháisde isteach faoi bhun crann." "Deanfad"adeir sé. Nuair abhí an áit deanta "tá alt beag anseo" adeir sí "atá sa mbealach ar mo chloigeann agus tabhair dhom an tál go mbainfidh mé as an mbealach í. "Thug sé di an tál agus 'seurd a rinne sí an cloigeann a sguabadh dhó fhéin.

Bhí sí ag a tóigeál suas an pháisde ansoin chomh math agus d'fhead sí agus bhí sí a fágailt congnamh freisin ó'n mháthair-bhiodh an mhathair a teacht a breathnughadh ar i bpáisde, bhí sé a teacht suas ariamh go raibh sé i ndon a dhul ina stoicín ar a mbáire a bhiodh ag a athair-mór. Theigheadh a mhathair -mhór a breathnughadh air chuile lá agus níl taobh a bith a thóigfheadh é nach gcuirfeadh amach an báire. Bhí sé ar srúl ariamh ó lá go lá go dtí sa deire an lá seo gur cuireadh an méid abhí 'sa bpáirc ar fad an aghaidh agus chuir sé an báire amach orrtabh. Tháinig an Rí sa bpáirc agus dubhairt sé "cé as an firíneach fionn ata cur amach an bháire ar mo chuid fear uilig" Tháinig an tsean –bhean ansoin agus chuir sí

Fionn ar a droim. "Ná raibh maith ad anois a bhodaigh mhóir" adeir sí "tá sé baistighthe ad Fionn Mac Cúil."

Lean siad ansoin í agus ní raibh siad indon a theacht suas léithi go dtáinig siad sa gcoill. Ansoin "ta tusa tuirseach" adeir Fionn "agus tiúbhrfhaidh mise píosá thusa." Chuir sé ar a ghualainn í agus a cloigeann siar ar a dhroim nuair abhí píosá deanta aige thug sé faoi deara go raibh sí ag eirghe an éadthrom, bhreathnuigh sé siar agus sé raibh aige dhe an méid dhe na cosa abhí annuas ó na glúinibh, bhí sí sguabuighthe ar srúl ag na géagáin uaidh i ngan fhios dhó fhéin. D'ímtigh sé in dhiaidh a chinn roimhe go dtáinig sé go dtí an áit a raibh an tSionainn ag eirigh. Bhí teachín beag ar bhrúach na habhainne ar nós bráca. Tháinig sé isteach agus fear istigh roimhe. D'fiarruigh an fear cé hé no cé hí no ce-hoileán é. "Níl fhios am" adeir Fionn "ach innseóchaidh mé dhuit é chomh fada agus tá fhios am é." D'innis sé dhon fear an soin an méid abhí fhios aige faoi na shaoghal. "Tá fhios am-sa cé thú fhein" adeir a fear "is tú mac Chúil agus ba col ceathar Cúl agus mise níl aon dhuine beó dhe'n ghionalach in Éirinn ach mise agus d'eirigh liom-sa na h-aobha a thabhairt liom. Ach fanfhaidh tú in aoinfhacht liom-sa go ceann cúpla bliadhain. Tá tú lag fós ach beidh tú do Rí ar an Fhéinn fós." D'fhan sé an aoinfhacht leis go ceann cúpla bliadhain agus bhí sé ina fhear thart cionn an uair sin.

Ansoinn dubhairt an fear leis "tá obair mhór dhá deanamh i gCondae Chláir anois. Sé Gabhal Mac Bhóirne atá ina mháigistir ar a bhféinn anois. Tá siad a deanamh oibreacha agus tá an obair 'gá leagan orthab. Chuile oidhche agus níl sé dhe mhisneach acab í fhairreadh. Leanfhaidh tusa an taobh thiar dhe'n tSionainn agus tiúbhrfhaidh sí amach díreach go dtí an ait a bhfuil siad a deanamh na hoibre. Gabhfaidh tú an cainnte le Gabhal agus innseóchaidh tú dho cé thú fhéin agus abróchaidh tú leis go dtiocfaidh tú féin a faireadh na hoibre. Déarfaidh seisean má theagann go mbeidh tú do Rí ar a bhféinn aríst. Cé ar bith rud a thiocthas ghá leagan ná bíodh faitchios a bith ad roimhe lean é chomh fada is féudfhas tú. "Bhuail le Fionn ansoin. Bhí sé ag siubhal leis a tSionnainn agus sgearr gur casadh fathach leis agus bradan marbhughthe aige. "Tabhair leat an breac sin agus róst dhom é ins an gcúirt sin thal" adeir a fathach "agus bíodh sé róstuighthe agat dhom nuair a thiocthas mé isteach gan ball ruadh na losguighthe a bheith ar". Thug Fionn leis a breac agus thug sé isteach sa gcúirt é agus thosuigh sé 'gá róstadh. Ní raibh sé a leigint dath a bith ar a gcráiceann ach an dath abhí ar ar dtús ach sa deire d'eirigh bolsgóid ar bhrú sé a mhear ar a mbolsgóid agus dóghadh a mhear, chuir sé a mhéar ina bhéal agus changail sé go smiur í Sin é an uair a tháinig an fíor dho Fhionn.

Sé an fíor a fuair sé an t-ám sin gur chuna dhó cé'n chaoi a mbruithfheadh sé an bradan ach ar a bpointe agus a dtiocfhadh an fathach isteach go mbaróchaidh sé é.

Bhreathnuigh sé os a chionn agus chonnaic sé claimhe an fhathaigh os a chionn agus fuair sé dhe fhios mar a dtugfadh sé leis a claimhe go leanfadh an fathach é. Thug sé leis an claimhe agus d'ímtigh sé agus nuair a tháinig a fathach isteach agus fuair sé an claimhe imitighe nior lig faitchios dhó é leanacht. Bhí Fionn a siubhal leis ariamh go dtáinig sé go dtí an áit a raibh na Fianna a' deanamh na n-oibreacha. Ansoin an chead fhear acab a dtáinig sé suas leis d'innis sé dhó go bé Foinn é. Thug sé sin chomh fada le Gabhal é, "bhoil anois" adeir

a fear craithugí láimh le chéile.” Rug siad ar láimh ar a chéile agus chraith siad láimh le chéile. Dubhairt Gabhal ansoin go raibh an obair ‘gá leagan orrthab. “Cé’n chiall” adeir Fionn nach bhfaireann sib í. “Bhoil” adeir Gabhal “tá fhios ainn céurd tá ‘ga leagan agus tá faitchios orainn; tá fhios ainn gur tarbh é.” Bhoil céurd a dheanfas sib liom sa má fhairim í agus an tarbh sin a mharbhuighadh. “Deanfhaidh muid Rí dhíot” adeir Gabhal.

D’imtigh leis ansoin agus d’fhan sé a’ faire na hoibre séurd abhí siad a dheanamh cúirt mór. Sgarr go dtáinig a’ tarbh, agus gur chuir sé adharc faoi chúinne mór agus gur leag sé é. Deirigh Fionn agus nuair a chonnaic a tarbh é rith sé agus lean seisean é. Choinnigh an tarbh a rith nú gur bhain sé amach an fharrige, thug sé an fharraige ar féin go ndeachaigh sé ‘sa snámh. Lean Fionn é go raibh sé suas thar a bhasta agus nuair abhí sé thar a bhásta d’fhill sé. Nuair a chonaic an tarbh a filleadh é ó adeir sé is olc an fear thú nar lean tuille mé. Dhá leanfhá mise go mbeadh an tuisge a dhul isteach in do bhéal ní bheadh aon fhear sa domhan a bheadh chomh láidir leat. Ach níl aon fhear ‘sa domhan chomh láidir leat ó do bhásta síos. Siubhailfhidh mise leat anois chomh fada leis a’ gcúirt agus nuair a bheas muid ag a gcúirt bainfidh tú an cloigeann díom. Agus seo breán buidhe dhuit agus nuair a thiocfhas na Fianna ag a gcúirt ar maidin sac a breán ‘sa gcloigeann agus abair leótab é chaitheadh thar a gcúirt agus ní chaitheadh a bhfuil dhe fhir ‘sa domhan thar a gcúirt é. Nuair a chinnfheas sé orrtab ansoin gaibh tú féin ag a gcloigeann agus bain an breán buidhe as agus caith trí nú ceathair dhe chuarta thar a’ gcúirt é. Cuir an breán buidhe ann ansoin aríst agus ansoin glacfaidh siad faitchios romhat, agus ní mór dhuit iad a glacadh faitchios romhat mar má gheall Gabhal fhéin rioghamhalacht dhuit ní thiubhrfheadh sé duit é. Mise do shean athair a tháinig leis an méid sin a chur amach romhat. Nuair a bheas an mhaighistreach a’ cuirfidh tú mise go breagh graoidheamhail. Beidh an oiread faitchios acab romhat agus bheadh ag sgolairí roimhe mháigistir sgoile agus ní dheanfaidh siad aon bhlas go deó ach an rud a déarfais tú leóthab.

“Nuair a tháinig siad ar maidin “tá an tarbh marbh” adeir sé “agus an cloigeann bainte dhe. Gaibhigí a leith go bhfeicfidh mé cé agaibh fear is fearr a caithfheas thar a gcúirt é. Tháinig fear acab agus beirt agus tháinig a raibh acab ann ach ní chrocadh a raibh acab ann dhe’n talamh é. Chuaidh sé féin ansoin agus tharraing sé an breán as agus chaith sé trí no ceathair dhe uaire thar a gcúirt é agus ansoin sháth sé an breán ann aríst. Nuair abhí an breán sáite aige ann ansoin. “Caithfhidh mise an tarbh sin a chur go graoidheamhail” adeir sé “ó tharla gur marbh mé é mar níl fhios a’m cé’n bealach abhí leis. Cuireadh an tarbh ansoin chomh graoidheamhail agus cuirfidh fear a’ bith ariamh. Ansoin ní raibh rud a bith abhí sé rádh leis mna Fianna uaidh sin amach na raibh siad a dheanamh

2/8/31.

(Sgriob Peadar Ó Coincheanainn an chuid eile dhe Sgéalta na bhFiann uaidh Mhicilín i nGaillimh.)